

# Pacáiste eolais d'iarrthóirí

Bainisteoir Gnó Teicneolaíochta Uisce (PC)

An dáta deiridh a nglacfar le hIarratais:
22nd Márta 2024



Is comhlacht leathstáit neamhthráchtála é BIM a bunaíodh go foirmiúil faoi reacht (An tAcht Iascaigh Mhara, 1952). Gníomhaireacht de chuid Stát na hÉireann é BIM atá freagrach as tionscal bia mara na hÉireann a fhorbairt. Is gníomhaireacht de chuid na Roinne Talmhaíochta, Bia agus Mara agus de chuid líonra Ranna Rialtais eile, gníomhaireachtaí leathstáit, páirtithe náisiúnta agus idirnáisiúnta mara é BIM.

Tá cúig aonad gnó san eagraíocht: Seirbhísí Teicniúla Bia Mara, Seirbhísí Forbartha Scileanna, Seirbhísí Corparáideacha, Seirbhísí Forbartha agus Nuálaíochta, Seirbhísí Eacnamaíochta agus Straitéiseacha, agus tacaíonn Cumarsáid Chorparáideach leo sin. Is i nDún Laoghaire, Co. Bhaile Átha Cliath atá Ceannoifig BIM lonnaithe. Chun tacú leis an earnáil Bia Mara, tá foirne BIM lonnaithe go straitéiseach sna pobail le cósta a mbíonn siad ag freastal orthu, lena n-áirítear oifigí I Co. Chorcaí, nGaillimh, agus sna Cealla Beaga. Chomh maith leis sin tá dhá choláiste oiliúna BIM lonnaithe sa Chaisleán Nua, Co. Dhún na nGall agus i mBaile Chaisleáin Bhéarra, Co. Chorcaí.

Tá sé d'aidhm ag straitéis BIM feabhas a chur ar iomaíochas earnáil bia mara na hÉireann trí dhíriú ar na príomhthosaíochtaí straitéiseacha seo a leanas:

- Ceannaireacht a stiúradh agus a chothú
- Torthaí a chur ar fáil le réitigh a bhfuil tionchar acu ar athrú a dhéanamh
- Infheistíocht a dhéanamh i bhfás fadtéarmach
- An comhshaol agus an earnáil a chosaint

### Ár Misean

Tacú le luach a mhéadú maidir le hearnáil inbhuanaithe bia mara na hÉireann, ar fud an tslabhra soláthair, ó ghabháil go dtí an tomhaltóir, agus sin a éascú.

### Ár bhFís

Rachaimid i gcomhpháirtíocht le hearnáil bia mara na hÉireann le rún agus le práinn chun na hathruithe atá de dhíth a aithint agus a chur chun cinn le go mbeidh an todhchaí inbhuanaithe

### Ár Luachanna

Iontaobhas

Comhpháirtíocht

Obair Foirne

Cuimsiú

Ionracas



| Cuntas ar an Ról | |
|---|---|
| Teideal an phoist: | Bainisteoir Gnó Teicneolaíochta Uisce (PC) |
| Conradh: | Lánaimseartha; Tréimhse Éiginnte |
| Áit: | D'fhéadfadh an duine a bheith lonnaithe i gCeannoifig BIM, Dún Laoghaire, Co. Bhaile Átha Cliath nó in aon cheann d'Oifigí Réigiúnacha BIM (Is féidir iarratas a dhéanamh ar obair chumaisc freisin). |
| Struchtúr Tuairiscithe: | Stiúrthóir Seirbhísí D&I |
| Grúpa Seirbhíse: | Forbairt & Nuálaíocht |
| Cur síos ar an nGrúpa Seirbhíse cuí: | Tacaíonn Seirbhísí Forbartha & Nuálaíochta le fás inbhuanaithe san earnáil bia mara trí sheirbhísí praiticiúla forbartha gnó agus nuálaíocht faoi stiúir margaí trí Mhol Nuálaíochta Bia Mara BIM.<br><br>Is éard atá san aonad gnó Seirbhísí Forbartha & Nuálaíochta ná foireann éagsúil de chomhairleoirí gnó agus baill foirne theicniúla nuálaíochta atá tiomanta do thacaíocht a thabhairt d'fhás earnáil bia mara na hÉireann sa bhaile agus sna margaí easpórtála. Tá an fhoireann Seirbhísí Forbartha & Nuálaíochta freagrach as seirbhísí forbartha gnó BIM a fhorbairt, a chur i bhfeidhm agus a mheas ar fud na hearnála bia mara.<br><br>Forbairt Gnó – Cuireann bainisteoirí cuntais cliant BIM tacaíocht agus comhairle forbartha gnó ar fáil chun cuidiú le cliaint deiseanna nua margaí a phleanáil agus a aithint, chomh maith le comhairle faoi mhaoiniú. Faigheann an fhoireann cúnamh ó oifigigh réigiúnacha BIM a chuireann teagmháil tosaigh ar fáil agus a chomhordaíonn rochtain ar réimse seirbhísí BIM do chliaint. Tá an fhoireann ag forbairt samhail rannpháirtíochta cliant don earnáil bia mara atá bunaithe ar chur chuige comhpháirtíochta agus tá an fhoireann ag obair chun léargas inghníomhaithe faoi stiúir margaí a fhorbairt chun eolas a dhéanamh do mhéadú na hearnála bia mara chuig nideog nua sa mhargadh domhanda agus chun sin a chur chun cinn |



## Achoimre ar an Ról:

Tuairiscíonn an Bainisteoir Gnó Teicneolaíochta Uisce chuig Stiúrthóir na Seirbhísí Forbartha agus Nuálaíochta agus is príomhbhall é d'Fhoireann Forbartha agus Nuálaíochta BIM a bheidh i gceannas ar fhorbairt gnó agus gnéithe nuálaíochta phlean straitéise BIM a chur i bhfeidhm.

Clár Teicneolaíochta Uisce BIM - Tagraíonn earnáil teicneolaíochta uisce do chuideachtaí nach bhfuil baint dhíreach acu i dtáirgeadh príomha na dtáirgí dobharshaothraithe ach a chuireann na seirbhísí agus teicneolaíocht chúnta ar fáil a thacaíonn léi sa bhaile agus go hidirnáisiúnta araon. Tá dobharshaothrú ar an earnáil próitéine is mó fás ar fud an domhain agus mar gheall air sin tháinig méadú suntasach ar na cuideachtaí atá ag cur seirbhís ar fáil sa tionscal. Áirítear leis an réimse gníomhaíochtaí teicneolaíochta uisce, géineolaíocht, tionscail chógaisíochta, bonneagar dobharshaothraithe, teicneolaíocht faisnéise, seirbhísí airgeadais agus neart eile.

Tá Éire ag teacht chun cinn go sciobtha mar mhol teicneolaíochta nua agus nuálaíochta do ghlúin cheannródaíoch d'fhiontraithe dobharshaothraithe. Ba mhaith le BIM an cumas sin a fhorbairt agus leas a bhaint as. Tá na Stiúideonna Nuálaíochta, atá á reáchtáil ag BIM ó 2019 i leith, ag díriú air sin. Tá BIM in áit ar leith ina bhfuil eolas fairsing acu ar ghnó domhanda dobharshaothraithe agus dá bhrí sin tá siad in áit mhaith chun féachaint ar dheiseanna fáis agus iad a mheas sa réimse nuálaíochta dobharshaothraithe. Ba mhaith le BIM rath na Stiúideonna Nuálaíochta le déanaí a chaipitliú agus cur chuige níos fadtréimhsí a ghlacadh chun freastal ar na cuideachtaí sin atá ag forbairt chomh maith le cuideachtaí nua a mhealladh. Is é an cuspóir foriomlán ná Éire a chruthú mar ionad domhanda don nuálaíocht dobharshaothraithe agus timpeallacht a chur ar fáil le go mbeidh cuideachtaí in ann fás agus forbairt a dhéanamh san earnáil seo. Tá sé sin ag teacht le Fís Bhia an Rialtais 2030 mar a luaitear i nGníomh 35: *'Infheistíocht dhomhanda sa teicneolaíocht dobharshaothraithe a mhealladh agus Éire a chur chun cinn mar bhunachar eolais don teicneolaíocht agus taighde chun infheistíocht inár mbunachar eolais a mhealladh'.*

Cúlra leis an Riachtanas:

Gníomhaireacht de chuid Stát na hÉireann é BIM atá freagrach as tionscal bia mara na hÉireann a fhorbairt. Tacaíonn sé le pobail agus tionscal bia mara na hÉireann lena chinntiú go n-úsáidtear acmhainní uisceacha agus muirí ar bhealach inbhuanaithe.
Is príomhfhoireann é an tAonad Gnó Seirbhísí Forbartha & Nuálaíochta ó thaobh na scileanna riachtanacha agus saineolas a chur ar fáil chun claochlú chumas fadtréimhseach na hearnála a threorú. Tá sé dírithe ar luach a chur isteach agus ar rochtain a fháil ar mhargaí nua; réitigh a fháil ar na dúshláin atá roimh an earnáil; dul chun cinn a dhéanamh agus a spreagadh, cúnamh a thabhairt don earnáil chun teacht ar dheontais agus ar thacaíochtaí praiticiúla eile agus seirbhísí agus tacaíochtaí nuálaíochta a chur ar fáil ina bhfuil tionchar tráchtála mar thoradh air.



## Freagrachtaí

### Príomhfhreagrachtaí

- A bheith i gceannas ar fhorbairt gnó agus gnéithe nuálaíochta phlean straitéise BIM a chur i bhfeidhm.
- Earnáil teicneolaíochta uisce a fhorbairt laistigh d'Éirinn agus cuideachtaí teicneolaíochta uisce na hÉireann a chomhcheangal leis an deis dhomhanda teicneolaíochta uisce.
- Clár Stiúideonna Nuálaíochta BIM a fhorbairt agus a thabhairt i gcrích
- Comhpháirtíochtaí a fhorbairt agus comhoibriú a dhéanamh le comhpháirtithe agus gníomhaireachtaí ábhartha Stáit eile amhail Bord Bia, Fiontraíocht Éireann agus comhpháirtithe príobháideacha cothromais.
- Tacaíocht a thabhairt do scéimeanna ábhartha deontais; infheistíochtaí a ailíniú i dtreo na hearnála teicneolaíochta uisce agus dobharshaothraithe a fhorbairt.
- Páirt a ghlacadh i bhforbairt straitéise, cruinnithe agus cinnteoireacht Forbartha & Nuálaíochta (D&I).
- Cumarsáid a dhéanamh go héifeachtach le príomhpháirtithe leasmhara agus aithne a chur orthu sa tionscal, Rialtas, Gníomhaireachtaí comhpháirtí, na meáin agus soláthraithe.
- Cur i láthair a dhéanamh agus/nó labhairt ag comhdhálacha nó cruinnithe thar lear nó sa bhaile.
- Seirbhísí tacaíochta gnó leis an bhfoireann D&I a chur ar fáil don earnáil dobharshaothraithe.
- Príomhthionscadail i ról BIM maidir le 'Ceadúnas Sóisialta' a choimeád agus a fhorbairt le tionscadail amhail Seomra Ranga Cianda Dobharshaothraithe agus an tAtlantach a Bhlaiseadh.
- Obair ar thionscadail ghaolmhara eile laistigh d'Fhoireann Bainistithe D&I.

### Freastail ar riachtanais na Roinne Talmhaíochta, Bia agus Mara agus páirtithe leasmhara eile

- Comhairle agus tuarascálacha a chur ar fáil de réir mar is gá (lena n-áirítear nótaí cainte de réir mar is gá).
- Cúnamh a thabhairt chun déileáil le saincheisteanna agus le cuideachtaí dobharshaothraithe agus teicneolaíochta uisce de réir mar is gá.
- Ábhar a chur ar fáil don Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara de réir mar is gá.
- Cathaoirleacht a dhéanamh ar ghrúpaí nó coistí éagsúla nó páirt a ghlacadh iontu de réir mar is gá.
- Dul i gcomhairle leis an tionscal ar gach leibhéal chun ábharthacht sholáthar na seirbhíse a chinntiú.

### Ginearálta

- Carry out, manage and/or deliver tasks or projects which may be set by the Director from time to time.



## Taithí agus Cáilíochtaí Riachtanacha

- Taithí 5 bliana ar a laghad i ról straitéiseach, go hidéalach laistigh den tionscal uisce-theicneolaíochta agus nó dobharshaothraithe
- Céim iarchéime leibhéal 8 nó céim iarchéime nó cáilíocht ghairmiúil choibhéiseach i gcéim tríú leibhéal a bhaineann leis an ngnó, leis an teicneolaíocht nó leis an tionscal.
- Tuiscint láidir ar an earnáil teicneolaíochta uisce agus ar earnáil an dobharshaothraithe.
- Taithí ar bheith ag obair san earnáil phoiblí ar leibhéal bainistíochta nó ar bheith ag obair go dlúth leis an earnáil sin.
- Taithí ar sheirbhísí atá faoi stiúir na nuálaíochta a chur ar fáil agus tionchar tráchtála a bheith acu.
- Taithí ar thionchar suntasach a imirt trí thionscnaimh forbartha gnó.
- Taithí ar sheirbhísí a sholáthar don tionscal agus do chliaint agus do pháirtithe leasmhara eile.
- Fís straitéiseach shoiléir chun plean straitéiseach a cheapadh agus a fhorbairt don aonad bia mara agus ábalta an plean sin a léiriú mar chuspóirí fiúntacha.
- Taithí chruthaithe ar thionscadail luacha teicneolaíochta uisce a sholáthar.
- Dea-theist léirithe maidir le cuideachtaí nuathionscanta a bhainistiú, a spreagadh agus a fhorbairt.
- Pleanáil a dhéanamh go héifeachtach ar thionscadail, acmhainní atá ar fáil a uasmhéadú agus tréimhsí ama is féidir a bhaint amach a leagan síos.
- Scileanna cumarsáide thar a bheith éifeachtach agus líofa, sa scríobh agus ó bhéal araon, a léiríonn tionchar agus éifeacht ar gach leibhéal..

## Taithí agus Cáilíochtaí Inmhianaithe

- Taithí san earnáil phoiblí.
- Taithí ar an earnáil teicneolaíochta uisce nó ar an earnáil dobharshaothraithe.
- Cáilíocht forbartha gnó/dobharshaothraithe.
- Taithí léirithe ar bheith ag obair le cuideachtaí nuathionscanta



| Tréithe pearsanta atá de dhíth don phost: |
| --- |
| • Leithroinneann go cuí, léiríonn siad ceannaireacht agus cuireann siad dúshlán roimh dhaoine eile a gcumas a bhaint amach.<br>• Tionscnaíonn agus tiomáineann athrú.<br>• Ábalta caidrimh a dhéanamh agus a fhorbairt le custaiméirí agus príomhtheagmhálaithe.<br>• Forbraíonn léargais nua ar chásanna agus cuireann réitigh nuálacha ar fáil chun feabhsuithe eagraíochtúla a dhéanamh.<br>• Ábalta oibriú go héifeachtach faoi bhrú, fanann dírithe agus stuama i gcásanna trioblóideacha nó dúshlánacha.<br>• Léiríonn fuinneamh, dinimiceas agus dearcadh dearfach meabhrach.<br>• Léiríonn breithiúnas stuama agus cothrom agus cumas láidir anailíse.<br>• Taithí ar bheith ag obair i gcomhar le baill d'fhoireann éagsúil agus ar mhaoirseacht a dhéanamh orthu.<br>• Ábalta am a bhainistiú go héifeachtach agus oibriú i dtreo spriocdhátaí a sheachadadh in am agus sa bhuiséad.<br>• Toilteanach athrú agus oiriúnú do staideanna atá ag athrú.<br>• Scileanna maithe i dtaobh féin-eagrúcháin agus tosaíochtaí a leagan amach, agus cumas tosaíochtaí iomadúla a bhainistiú.<br>• Scileanna láidre anailísíochta.<br>• Cinntíonn go gcomhlíontar cuspóirí trí straitéis iomlán a aistriú ina cuspóirí.<br>• Tionscnaíonn agus glacann freagracht phearsanta as torthaí a sheachadadh ar phríomhghníomhaíochtaí oibre.<br>• Luach ar eolas a roinnt agus ar fheabhas leanúnach i dtimpeallacht chomhoibríoch mheasúnaithe agus foghlama. |

| Teagmhálaithe: | |
| --- | --- |
| Laistigh de BIM | • An fhoireann uile in Aonad Gnó D&I<br>• An phríomhfhoireann ar fud BIM |
| Lasmuigh de BIM | • Cuideachtaí Teicneolaíochta Uisce Idirnáisiúnta agus Éireannacha<br>• Tionscal dobharshaothraithe na hÉireann<br>• Cothromas príobháideach agus cuideachtaí gaolmhara<br>• An Roinn Talmhaíochta, Iascaigh agus Mara (DAFM)<br>• Gníomhaireachtaí stáit eile lena n-áirítear Fiontraíocht Éireann, an Bord Bia, Foras na Mara, ach gan a bheith teoranta dóibh |
| Oiliúint | • Déanfar riachtanais oiliúna a aithint tríd an gCóras Bainistithe Feidhmíochta atá againn |



| Téarmaí agus Sochair |
|---|
| Tuarastal: |
| Beidh luach saothair de réir Scála Tuarastail ceadaithe na Roinne Airgeadais don Earnáil Phoiblí do PC, le réimse tuarastail €75,822 - €94,491 (amhail an 1 Deireadh Fómhair 2023) sa bhliain dáilte go comhréireach i ndáil leis an am a oibreofar. Ag an gcéad phointe iontrála ar an scála a cheapfar an t-iarratasóir a n-éireoidh leis mura bhfuil an t-iarratasóir fostaithe laistigh de na Seirbhísí Poiblí faoi láthair.<br><br>Déanfar ball den Scéim Pinsin Seirbhíse Poiblí Aonair díot mura bhfuil tú i do bhall de scéim pinsin earnála poiblí i láthair na huaire (nó mura raibh tú i do bhall de scéim pinsin earnála poiblí le sé mhí anuas). Tá Scéim Tuarastail agus Pinsin faoi réir ag gnásanna faofa earnála poiblí agus glacann cuntas ar sheirbhís le déanaí san earnáil phoiblí ag teacht le himlitreacha agus rialacha ábhartha. |
| Saoire Bhliantúil: |
| Is é 30 lá oibre in aghaidh na bliana pro-rata chun an t-am a oibríodh a léiriú an teidlíocht saoire bliantúla atá ag gabháil leis an ról seo. Níl Laethanta Saoire Poiblí san áireamh i dteidlíochtaí saoire bliantúla. Ní mór gach lá saoire a bheith ceadaithe roimh ré ag do bhainisteoir nó ag a n-ionadaí údaraithe i gcomhréir le polasaithe saoire BIM. |

### Clár Cúnaimh d'Fhostaithe (EAP)

Cuireann BIM seirbhís EAP atá 100% faoi rún agus neamhspleách ar fáil trí Spectrum a chuireann comhairle ghairmiúil agus neamhchlaonta, eolas agus comhairleoireacht ar fáil ar réimse saincheisteanna lena n-áirítear ceisteanna dlí, airgeadais agus sláinte. Tá an tseirbhís sin saor in aisce d'fhostaithe agus tá sí ar fáil freisin do ghargaolta leat.

### Seirbhís Sláinte Ceirde

Oibríonn BIM le soláthraí seirbhíse Sláinte Ceirde neamhspleách a chuireann tacaíocht agus comhairle ar fáil d'fhostaithe a bhfuil tinneas orthu nó riocht sláinte ag dul dóibh atá ag cur isteach ar a gcumas obair a dhéanamh.

### Aonad Fístaispeána

Is féidir le fostaithe suas go €117 a fháil ar ais ar thástáil súl.

### Taisteal agus Cothú

Íoctar costais taistil agus chothaithe le fostaithe a bhfuil orthu taisteal i gcomhréir le rátaí ceadaithe.

### Scéim Coigilteora Cánach

Is féidir le fostaithe a thaistealaíonn chuig an obair ar an gcóras iompair phoiblí leas a bhaint as Ticéad Coigilteora Cánach bliantúil chun méid suntasach airgid a shábháil ar chostais taistil.

### An Scéim um Rothaíocht chun na hOibre

Is féidir le fostaithe a thagann chuig an obair ar rothar nó a bhíonn ar rothar le linn cuid den turas leas a bhaint as an Scéim um Rothaíocht chun na hOibre.



## An Bealach le hiarratas a dhéanamh:

Ba chóir C.V. iomlán chomh maith le litir iarratais agus a Foirm Iarratais Folúntais BIM chomhlánaithe ina ndéantar cur síos ar thaithí agus scileanna a bhaineann leis an bpost, a sheoladh ar ríomhphost chuig

| jobs@bim.ie |
| --- |

## An dáta deiridh a nglacfar le hIarratais

| 22nd Márta 2024 |
| --- |

Tabhair ar aird go bhféadfadh níos mó ná céim agallaimh amháin a bheith i gceist leis an bpróiseas earcaíochta don ról seo agus go bhféadfadh BIM iarraidh ar na hiarratasóirí a roghnaítear cur i láthair gearr a dhéanamh ar ábhar a bheidh roghnaithe roimh ré ag céim an agallaimh dheiridh. Tabhair ar aird nach nglacfar le hiarratais a bheidh déanach.

Is Grád Príomhoifigigh Chúnta é seo agus tá Bord Iascaigh Mhara ag teacht le Samhail Inniúlachta na Seirbhíse um Cheapacháin Phoiblí Inniúlachtaí PAS

## Úsáid Sonraí

Ní bhainfear úsáid as na sonraí pearsanta ná an fhaisnéis go léir a chuirtear ar aghaidh leis an iarratas seo ach chun críche an fheachtais sin agus don fheachtas sin amháin, agus déanfar na sonraí agus an fhaisnéis a scriosadh ansin i gcomhréir le Polasaí an Rialacháin Ghinearálta maidir le Cosaint Sonraí agus an sceideal coinneála sonraí atá againn.

Caithfear le gach faisnéis go huile agus go hiomlán faoi rún agus ní bheidh rochtain ar an bhfaisnéis sin ach ag na daoine sin a bhfuil baint dhíreach acu leis an bhfeachtas.

Ba cheart aon cheist maidir leis an ról seo a sheoladh ar ríomhphost chuig jobs@bim.ie

## Is fostóir comhdheiseanna é Bord Iascaigh Mhara

Investors in Diversity SILVER